Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 31 Deireadh Fómhair 2025 (OR. en)**

**14636/25 ADD 1**

**Comhad Idirinstitiúideach: 2025/0332(NLE)**

**AELE 97**
**MI 840**
**ISL 53**
**N 86**
**FL 58**

## NÓTA CLÚDAIGH

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 31 Deireadh Fómhair 2025 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2025) 655 annex |
| Ábhar: | IARSCRÍBHINN<br>a ghabhann le<br>Togra le haghaidh<br>CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE<br>maidir leis an seasamh atá le glacadh, thar ceann an Aontais Eorpaigh, i gComhchoiste LEE i ndáil le leasú ar Iarscríbhinn XI (Cumarsáid leictreonach, seirbhísí closamhairc agus an tsochaí faisnéise) a ghabhann le Comhaontú LEE<br>(Sonraí pearsanta a phróiseáil - mí-úsáid ghnéasach leanaí ar líne a chomhrac) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo COM(2025) 655 final - Annex.

---

Faoi iamh: COM(2025) 655 final - Annex

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 31.10.2025
COM(2025) 655 final

ANNEX

**IARSCRÍBHINN**

**a ghabhann le**

**Togra le haghaidh**

**CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir leis an seasamh atá le glacadh, thar ceann an Aontais Eorpaigh, i gComhchoiste LEE i ndáil le leasú ar Iarscríbhinn XI (Cumarsáid leictreonach, seirbhísí closamhairc agus an tsochaí faisnéise) a ghabhann le Comhaontú LEE**

**(Sonraí pearsanta a phróiseáil - mí-úsáid ghnéasach leanaí ar líne a chomhrac)**

GA GA

# IARSCRÍBHINN

## DRÉACHTCHINNEADH Ó CHOMHCHOISTE LEE

**Uimh. […]**

**an […]**

**lena leasaítear Iarscríbhinn XI (Cumarsáid leictreonach, seirbhísí closamhairc agus an tsochaí faisnéise) a ghabhann le Comhaontú LEE**

TÁ COMHCHOISTE LEE,

Ag féachaint don Chomhaontú ar an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch (‘Comhaontú LEE’), agus go háirithe Airteagal 98 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Rialachán (AE) 2021/1232 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Iúil 2021 maidir le maolú sealadach ar fhorálacha áirithe de Threoir 2002/58/CE a mhéid a bhaineann le húsáid teicneolaíochtaí ag soláthraithe seirbhísí cumarsáide idirphearsanta neamhspleách ar uimhir chun sonraí pearsanta agus sonraí eile a phróiseáil chun mí-úsáid ghnéasach leanaí[1]ar líne a chomhrac, tá sé le hionchorprú i gComhaontú LEE.

(2) Rialachán (AE) 2024/1307 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2024 lena leasaítear Rialachán (AE) 2021/1232 maidir le maolú sealadach ar fhorálacha áirithe de Threoir 2002/58/CE a mhéid a bhaineann le húsáid teicneolaíochtaí ag soláthraithe seirbhísí cumarsáide idirphearsanta neamhspleách ar uimhir chun sonraí pearsanta agus sonraí eile a phróiseáil chun mí-úsáid ghnéasach leanaí[2] ar líne a chomhrac, tá sé le hionchorprú i gComhaontú LEE.

(3) Ba cheart, dá bhrí sin, Iarscríbhinn XI a ghabhann le Comhaontú LEE a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Cuirtear an méid seo a leanas isteach i ndiaidh phointe 5haa (Rialachán (AE) 611/2013 ón gCoimisiún) d’Iarscríbhinn XI a ghabhann le Comhaontú LEE:

‘5hab. **32021 R 1232**: Rialachán (AE) 2021/1232 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Iúil 2021 maidir le maolú sealadach ar fhorálacha áirithe de Threoir 2002/58/CE a mhéid a bhaineann le húsáid teicneolaíochtaí ag soláthraithe seirbhísí cumarsáide idirphearsanta neamhspleách ar uimhir chun sonraí pearsanta agus sonraí eile a phróiseáil chun mí- úsáid ghnéasach leanaí ar líne a chomhrac (IO L 274, 30.7.2021, lch. 41), arna leasú ag:

- **32024 R 1307**: Rialachán (AE) 2024/1307 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2024 (IO L, 2024/1307, 14.5.2024).

[1] IO L 274, 30.7.2021, lch. 41.
[2] IO L 2024/1307, 14.5.2024.

Chun críocha an Chomhaontaithe seo, tá forálacha an Rialacháin oiriúnaithe mar a leanas:

(a) D'ainneoin fhorálacha Phrótacal 1, maidir leis na téarmaí 'Ballstát/Ballstáit' agus 'údaráis mhaoirseachta', tuigfear go bhfuil Stáit CSTE agus a n-údaráis mhaoirseachta ar áireamh iontu faoi seach, sa bhreis ar bhrí na dtéarmaí sin sa Rialachán.

(b) In Airteagal 2, a mhéid a bhaineann le Stáit CSTE:

(i) Léifear mír 2, pointe (a) mar a leanas - tuigfear 'pornagrafaíocht leanaí' mar: (i) aon ábhar ina léirítear leanbh atá rannpháirteach in iompar gáirsiúil, bíodh sé fíor nó ionsamhlaithe; (ii) aon léiriú de ghnéasorgáin linbh a thaispeántar go príomha chun críoch gnéasach; aon ábhar a léiríonn íomhá d'aon duine ar cosúil gur leanbh é agus atá rannpháirteach in iompar gáirsiúil, bíodh sé fíor nó ionsamhlaithe, nó aon íomhá de ghnéasorgáin aon duine ar cosúil gur leanbh é a léirítear go príomha chun críoch gnéasach; nó (iv) íomhánna réalaíocha de leanbh atá rannpháirteach in iompar gáirsiúil nó íomhánna réalaíocha de ghnéasorgáin linbh, a léirítear go príomha chun críoch gnéasach."

(ii) léifear mír 2, pointe (b) mar a leanas. Tuigfear 'taibhiú pornagrafach' mar thaispeántas beo atá dírithe ar lucht féachana, trí bhíthin faisnéise nó teicneolaíocht cumarsáide, de: (i) leanbh atá rannpháirteach in iompar gáirsiúil, bíodh sé fíor nó ionsamhlaithe; nó (ii) gnéasorgáin linbh a thaispeántar go príomha chun críoch gnéasach."

(iii) I mír 3(b), tuigfear go dtagraíonn an tagairt d'Airteagal 6 de Threoir 2011/93/AE do na forálacha comhfhreagracha i ndlí náisiúnta Stáit CSTE.

(c) In Airteagal 3:

(i) I mír 1(g)(vii), a mhéid a bhaineann le Stáit CSTE, léifear in ionad na bhfocal 'faoin 31 Eanáir gach bliain i ndiaidh theacht i bhfeidhm [an Chinnidh seo]' 'faoin 3 Feabhra 2022, agus faoin 31 Eanáir gach bliain ina dhiaidh sin';

(ii) i mír 1(g)(vii) cuirfear na focail 'nó Údarás Faireacháin CSTE, i gcás soláthraithe a cláraíodh i Stáit CSTE' isteach i ndiaidh na bhfocal 'an Coimisiún';

(iii) i mír 1(h)(v), a mhéid a bhaineann le Stáit CSTE, tuigfear go dtagraíonn an tagairt do Threoir 2011/93/AE do na forálacha comhfhreagracha i ndlí náisiúnta Stáit CSTE.

(d) In Airteagal 7:

(i) I mír 1, a mhéid a bhaineann le Stáit CSTE, in ionad na bhfocal 'faoin 3 Meán Fómhair 2021' cuirtear 'Gan níos déanaí ná an dá mhí roimh dháta theacht i bhfeidhm [an Chinnidh seo]';

(ii) i mír 1 cuirfear na focail 'nó Údarás Faireacháin CSTE, do sholáthraithe a cláraíodh i Stáit CSTE' isteach i ndiaidh na bhfocal 'an Coimisiún'.

(e) Agus faisnéis á fáil ó na soláthraithe faoin Rialachán seo, cuirfidh Údarás Faireacháin CSTE an fhaisnéis faoi bhráid an Choimisiúin gan moill mhíchuí.

Cuirfidh an Coimisiún ar fáil go poiblí an fhaisnéis a sholáthraíonn soláthraithe atá lonnaithe i Stáit CSTE faoi mhí 1 d'Airteagal 7 den Rialachán seo.

*Airteagal 2*

Is téacsanna barántúla a bheidh i dtéacsanna Rialacháin (AE) 2021/1232 agus (AE) 2024/1307 san Íoslainnis agus san Ioruais, téacsanna atá le foilsiú i bhForlíonadh LEE d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

*Airteagal 3*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an […], ar choinníoll go mbeidh na fógraí uile faoi Airteagal 103(1) de Chomhaontú LEE tugtha[3*], nó ar lá theacht i bhfeidhm Chinneadh Uimh. .../... ó Chomhchoiste LEE Uimh. 275/2021 an 24 Meán Fómhair 2021[4] [lena n-ionchorpraítear Treoir (AE) 2018/1972 i gComhaontú LEE], cibé acu is déanaí.

*Airteagal 4*

Foilseofar an Cinneadh seo i Roinn LEE, agus i bhForlíonadh LEE, d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, [...].

*Thar ceann Chomhchoiste LEE*

*An tUachtarán*

*[…]*

*Rúnaithe*
*Chomhchoiste LEE*
*[…]*

3 * [Ní shonraítear aon cheanglas bunreachtúil.] [Sonraítear ceanglais bhunreachtúla.]
4 IO L …